
# Lá Bealtaine



dúchas.ie

# Nósanna na Bealtaine ar fud na tíre




*Atlas of the Irish Rural Landscape (Acadamh Ríoga na hÉireann )*

dúchas.ie



Lá Bealtaine, Co. Chill Dara


dúchas.ie

I gCúige Laighean is coitianta sceach gheal na Bealtaine, cé go bhfuil sí le fáil in áiteanna eile sa tír chomh maith.

Cuirtear suas í **Oíche Bhealtaine** taobh amuigh den teach agus maisítear í le bláthanna, le ribíní, le píosaí páipéir, etc.

Is í an sceach gheal féin an sceach is coitianta a úsáidtear, le **fáilte** a chur roimh theacht an tsamhraidh.

In iarthar na tíre is coitianta **bláthanna** a chrochadh os *cionn na ndoirse* agus na *bhfuinneog*.



***‘Creideann na daoiní gur chóir do gach duine “Crann Bealtaine” mar deir siad a chur suas sa charn aoiligh agus seileastrach a cheangal thart air agus dá ndéanfadh siad seo ní thiocfaí drochamharc a dhéanamh ar a gcuid stoc.’***

*(Doire Sheanaigh, Dún na nGall)*

***‘Ní ligfeadh muintir an tí aon deor bhainne amach an lá sin agus dá ligfeadh, chraithfeadh siad gráinne salainn air mar bhí sé ráite go gcoinneodh an salann na sióga ón mbainne. Théadh bean an tí agus bhainfeadh sí bláthanna agus chaithfeadh sí san dtairsigh ina teach féin iad agus i dtairsigh teach éicint eile iad freisin ag ceapadh go gcoinneodh siad na sióga amach uaithi féin agus uaidh na comharsanaibh.’***

*(An Cnoc, Gaillimh)*



Co. Chill Dara
(Bróna Nic Amhlaoibh 1980)

dúchas.ie




Tinte cnámh san iarnóin ar Lá Bealtaine, Baile Shligigh
(Bairbre Ní Fhloinn 1995)

*'Lasann na daoine tine mhór chnámh an oíche sin agus bíonn na páistí ag súgradh timpeall na tine. An oíche chéanna cuireann na daoine braon den uisce a gheibheann siad um Cháisc amach ar na páirceanna chun iad a bheannú ionas go bhfásfadh na barraí agus an féar go maith. Bíonn altóir i ngach tigh i rith an mhí sin chun onóir a thabhairt don Mhaighdean Muire.'*

(An Rinn, Port Láirge)

*'Chuiridís tine i dteorainn a gcuid talún chun go gcuirfeadh Dia an rath ar a gcuid ainmhithe agus ar a gcuid barraí ar feadh na bliana sin.'*

(Baile an Fheirtéaraigh, Ciarraí)



# Babóg na Bealtaine

*Céad de Cheoltaibh Uladh*, Énrí Ó Muirgheasa (1915)

Amhrán a thagraíonn do ghléasadh bábóige agus a hiompar ag buachaill agus cailín mar chuid de cheiliúradh Lá Bealtaine

74. **Babóg na Béaltaine.**

I.

Babóg na Béaltaine, maiġdean an t-saṁraiḋ,
Suas gaċ cnoc, is síos gaċ gleann;
Cailíní maiseaċa bán-ġeala gléasta,
Is ċugamar féin an saṁraḋ linn.

Saṁraḋ buiḋe na neoinín glé-geal,
Is ċugamar féin an saṁraḋ linn,
Ó baile go baile, is un ar mbaile na ḋiaiḋ sin—
Is ċugamar féin an saṁraḋ linn.

Níos mó scéalta ag
www.duchas.ie
thíos

*‘Dá nífeá t’éadan sa drúcht maidin lae Bealtaine ní dhóighfeadh an ghrian thú ar feadh an tSamhraidh.’*

(An Cnoc, Gaillimh)

Pisreoga ag Baint le Lá Bealtaine (Rúscaigh, Maigh Eo)

Lá Bealtaine (An Rinn, Port Láirge)


Lá Bealtaine (Gort an Choirce, Dún na nGall)

Lá Bealtaine (Dumha Loch, Maigh Eo)

Lá Bealtaine (An Tulaigh, Gaillimh)

Pisreoga i dtaobh Lá Bealtaine (Maigh Cuilinn, Gaillimh)

Féilte na Bliana - Lá Bealtaine (Cill Orglan, Ciarraí)


324

Nósa na Bealtaine fadó

adó ní leigfí d'aoinne a beit amuig
déanac Oíḋce Bealtaine ar eagla g
ciobfaí iad mar creididís i bpúcaí
am úd. Lá Bealtaine i gcómnaiḋe do
caiteaḋ na daoine uisge coisreac
ar na ba, mar sin é an uair a
ag bailiugaḋ an bainne agus caiteaḋ